# Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16 ní mór dom an Cuntas Leithghabhála don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar mhuirir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a thug Dáil Eireann faoin Acht Leithreasaí 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 ina gcuid den Chuntas.

**Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do Chuntais Leithghabhála i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais**

Cuireadh Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais sa ghnáth-fhormáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar aghaidh leis na cuntais seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh na gníomhaíochtaí seo chun an córas inmheánach rialála a leasú.

I rith 2011, eisíodh nuashonrú airgeadais do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) roimh gach cruinniú den Bhord. Scrúdaíodh na tuarascálacha seo agus pléadh iad le linn gach cruinnithe. Feidhmíonn ball de Bhord PAS mar bhall de Choiste Iniúchóireachta na hOifige fosta le nasc dlúth a chinntiú idir an Bord agus feidhm na hiniúchóireachta. Tuairiscíonn an ball seo ar ghníomhaíocht an Choiste Iniúchóireachta ag gach cruinniú den Bhord.

Le linn 2011, chuaigh an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) i ngleic go gníomhach leis an suíomh airgeadais agus, nuair a bhí gá leis, mhol siad bearta oiriúnacha. Dhírigh MAC ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar úsáid acmhainní. Laghdaíodh an leibhéal foirne de réir spriocanna an Chreat Rialaithe Fostaíochta agus glacadh le cur chuige Luach ar Airgead (VFM) do gach beart de chuid PAS.

In 2011, rinne an Coiste Iniúchta a fuair cuidiú ón aonad iniúchta inmheánaigh iniúchadh ar cheithre ghné do ghnó PAS (Taisteal agus Cothú, Párolla, Bainistíocht Riosca agus Bainistíocht Sóchmhainní). Faigheann an Coiste nuashonruithe rialta freisin faoi mholtaí ó thuarascálacha iniúchta a rinneadh roimhe seo a chur i bhfeidhm. Cuireann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta a tuarascáil i láthair don Bhord ar bhonn bliantúil.

I rith na bliana tugadh cur i láthair agus oiliúint do na baill foirne cuí ar cheisteanna éagsúla a bhaineann le bainistíocht airgeadais, soláthar agus ceisteanna gaolta eile.

**Fiona Tierney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
5 Iúil 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 16: An tSeirbhis um Cheapachain Phoiblí le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig Seirbhis um Cheapachain Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Lúnasa 2012

# Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
# Cuntas Leithghabhála 2011

| **Seirbhís** | | **2011 Soláthar don mheastachán** | **2011 Caiteachas** | **2010 Caiteachas** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Rannóg Ath-imlonnaithe /Earcaíochta | 8,025 | 7,301 | 7,849 |
| | **Ollchaiteachas** | **8,025** | **7,301** | **7,849** |
| | **Bain de:** | | | |
| B | **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | **269** | **520** | **460** |
| | **Glanchaiteachas** | **7,756** | **6,781** | **7,389** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€975,164** | **€932,228** |

| **Riarachán** | | **2011 Soláthar don mheastachán** | **2011 Caiteachas** | **2010 Caiteachas** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 4,795 | 4,636 | 4,864 |
| (ii) | Taisteal agus cothú | 169 | 92 | 106 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 308 | 121 | 135 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 197 | 159 | 165 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,313 | 1,222 | 1,199 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 364 | 209 | 410 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 185 | 175 | 189 |
| (viii) | Cóiríocht, fógraíocht, agus ceannach agus clódóireacht páipéar trialach | 289 | 264 | 332 |
| (ix) | Costais agallamh agus comórtas ilchineálacha | 405 | 423 | 449 |
| | | **8,025** | **7,301** | **7,849** |

## Nótaí don Chuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá | | | 4,636 | 4,864 |
| Caiteachas eile | | | 2,665 | 2,985 |
| **Ollchaiteachas** | | | 7,301 | 7,849 |
| Bain de | | | | |
| **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | | | 520 | 460 |
| **Caiteachas glan** | | | 6,781 | 7,389 |
| **Athruithe i sóchmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (169) | | |
| Dímheas | | 713 | | |
| Cailliúint ar dhiúscairtí | | 5 | | |
| | | | 549 | 647 |
| **Athruithe i sóchmhainní reatha glan** | | | | |
| Laghdú i bhfabhruithe deiridh | | (155) | | |
| Méadú i stoc | | — | | |
| | | | (155) | (33) |
| **Caiteachas díreach** | | | 7,175 | 8,003 |
| Glanchostas do sheirbhísí gaolta | 1.1 | | 3,182 | 3,877 |
| **Costas iomlán oibríochtaí** | | | **10,357** | **11,880** |

### 1.1 Seirbhísí Gaolta Glan

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 48 | 53[1] |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 975 | 984 |
| 10 | Oifig na Oibreacha Poiblí | 2,159 | 2,840 |
| | | **3,182** | **3,877** |

[1]Fágadh an figiúr ar lár go hearráideach i 2010.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sóchmhainní caipitil** | 2.1 | 2,613 | 3,162 |
| | | 2,613 | 3,162 |
| **Sóchmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.2 | 915 | 915 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 453 | 339 |
| Ioncam fabhraithe | | 55 | 27 |
| Fuílleach eile sochair: fionraí | | 269 | 38 |
| Dlite ón Státchiste | 2.4 | 28 | 77 |
| **Sóchmhainní reatha iomlán** | | 1,720 | 1,396 |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 138 | (109) |
| Costais fhabhraithe | | 96 | 109 |
| Iarmhéid sochair eile | 2.5 | 159 | 224 |
| **Iarmhéid na ndliteanas reatha** | | 393 | 224 |
| **Glanshóchmhainní reatha** | | 1,327 | 1,172 |
| **Glanshóchmhainní** | | 3,940 | 4,334 |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | 3,940 | 4,334 |

## 2.1 Ráiteas faoi Shóchmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Feabhsúcháin don fhoirgneamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sóchmhainní glan** | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Éanáir 2011 | 8,488 | 589 | 692 | 9,769 |
| Breiseanna | 169 | — | — | 169 |
| Diúscairt | (267) | — | — | (267) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2011 | 8,390 | 589 | 692 | 9,671 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2011 | 5,499 | 487 | 621 | 6,607 |
| Dímheas don bhliain | 589 | 55 | 69 | 713 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (262) | — | — | (262) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 5,826 | 542 | 690 | 7,058 |
| **Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2011** | 2,564 | 47 | 2 | 2,613 |
| **Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2010** | 2,989 | 102 | 71 | 3,162 |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid agus airgead tirim PMG | (138) | 109 |

## 2.3 Stoic

ag 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí cláraithe | 890 | 889 |
| Earraí/stáiseanóireacht TF | 25 | 26 |
| | 915 | 915 |

## 2.4 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farrasbar le tabhairt suas | 975 | 932 |
| Deontas an Státshciste nár Tarraingíodh | (1,003) | (1,009) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (28) | (77) |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (138) | 109 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 269 | 38 |
| | 131 | 147 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (159) | (194) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | — | (30) |
| | (159) | (224) |
| | (28) | (77) |

## 2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 82 | 83 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 36 | 54 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 16 | 25 |
| Cáin Bhreisluacha | 25 | 21 |
| Ranníocaíochtaí pinsean | — | 11 |
| | 159 | 194 |
| Earraí creidmheasa eile | — | 30 |
| | 159 | 224 |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na gceangaltas comhaontaithe | 12 | 30 |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Ath-inlonnú/Earcaíocht/Roghnú** | | | |
| A.1. | Riarachán - pá | 4,795 | 4,636 | 4,864 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,230 | 2,665 | 2,985 |
| | | 8,025 | 7,301 | 7,849 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Mínítear i gcás gach fo-theideal caiteachais nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta na critéir seo I 2011.

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair** | 2011 Meastachán | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| 1. Ilchineálach | 25 | 224 | 187 |
| 2. Admhálacha ó phinsean - asbhaintí gaolmhara ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 244 | 296 | 273 |
| **Iomlán** | 269 | 520 | 460 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Mínítear thíos i gcás gach teideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5% idir an toradh agus an méid an mheastacháin.

| Teideal | Níos lú / (níos mó) ná measadh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| 1 | (199) | Léiríonn an toradh na fáltais a bhaineann le costais earcaíochta a fuarthas ar ais ó chliaint nuair a d'eascair an costas bunúsach sa bhliain roimhe. |

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon na mBall foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 91 | 102 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 4,287 | 4,509 |
| Liúntais níos airde, speisialta nó do dhualgais bhreise[1] | 42 | 41 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair [1] | 28 | 27 |
| ÁSPC an fhostóra | 278 | 286 |
| **Pá iomlán** | **4,636** | **4,864** |

[1]Coigeartaíodh na figiúirí maidir le 2010 le mí-leithdháileadh costas áirithe sa chuntas don bhliain sin a chur ina cheart.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon a fuair | Líon a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2011 € | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Freagrachtaí níos airde, speisialta nó breise | 17 | — | 9,109 | 9,209 |
| Ragobair agus freastal breise | 46 | 2 | 12,693 | 8,778 |

**Nóta:** Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó na catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €10,786 san iomlán mar tháillí do thriúr ball Boird in 2011.